Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Samhain 2021**
**(OR. en)**

**14108/21**

**DEVGEN 206**
**ACP 116**
**RELEX 992**
**SUSTDEV 159**
**COHAFA 84**
**ONU 135**
**CLIMA 395**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 19 Samhain 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13440/21 |
| Ábhar: | Uisce i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 19 Samhain 2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le huisce i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais, a ghlac an Chomhairle ag an 3828ú -cruinniú dá cuid a bhí ar siúl ar an 19 Samhain 2021.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le**
**Uisce i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais**

1. Cuireann an Chomhairle chun suntais tábhacht straitéiseach an uisce, go háirithe don fhorbairt inbhuanaithe, do laghdú na bochtaineachta, don tslándáil bia agus cothaithe, don fhorbairt dhaonna, don ghníomhú ar son na haeráide, do chosaint an chomhshaoil, don bhithéagsúlacht agus do chaomhnú an éiceachórais, don ghníomhaíocht dhaonnúil, agus don tsíocháin agus don chobhsaíocht. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go bhfuil an t-uisce bunriachtanach do chórais chomhshaoil, shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíocha ar an leibhéal domhanda, réigiúnach agus áitiúil, agus admhaíonn sí na brúnna antrapacha ar cháilíocht agus ar líon na n-acmhainní uisce ar fud an domhain agus gur tríd an uisce den chuid is mó a bhraitear tionchair an athraithe aeráide.

2. Meabhraítear don Chomhairle na conclúidí uaithi an 17 Meitheamh 2019, lena bhformheastar treoirlínte an Aontais maidir le cearta an duine i ndáil le huisce óil sábháilte agus leis an tsláintíocht. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé na cearta sin a chosaint agus a chur chun cinn i gcomhréir leis an ngealltanas i gClár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe 'gan aon duine a fhágáil ar lár', agus aird ar leith a thabhairt ar leanaí, ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar chomhionannas inscne, agus ag an am céanna a áirithiú go mbainfear amach cearta chun uisce óil sábháilte agus sláintíochta do na mná agus do na cailíní agus go mbeidh rannpháirtíocht chomhionann, chuimsitheach, éifeachtach agus fhóinteach acu i ndáil leis sin. Mar a léirigh COVID-19 arís, tá comhoibriú trasearnála idir uisce, sláintíocht agus sláinteachas (WASH) agus an tsláinte ríthábhachtach chun go n-éireoidh le hullmhacht agus freagairt i ndáil le heipidéimí. Meabhraítear don Chomhairle freisin na conclúidí uaithi an 14 Meitheamh 2021 maidir le tiomantas Fhoireann na hEorpa don fhorbairt dhaonna a neartú agus cuireann sí i dtábhacht a thábhachtaí atá cur chuige iomlánaíoch na hAon Sláinte Amháin.

3. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur réamhriachtanas bunriachtanach í rochtain inacmhainne ar WASH don tsláinte phoiblí agus don fhorbairt dhaonna agus meabhraítear di go bhfuil an tAontas fós tiomanta cearta uile an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh, Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus Clár Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt a chur chun feidhme go héifeachtach agus go hiomlán, mar aon le pé toradh a bheidh ar a gcuid comhdhálacha athbhreithniúcháin, agus sa chomhthéacs sin, leanann an tAontas de bheith tiomanta do shláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe agus na cearta a bhaineann leo. Agus beann aige ar an méid sin, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh cheart gach duine smacht iomlán a bheith acu, agus cinneadh a dhéanamh gan bhac agus ar bhealach freagrach, ar ábhair a bhaineann lena ngnéasacht agus lena sláinte gnéis agus atáirgthe, saor ón idirdhealú, ón gcomhéigean agus ón bhforéigean. Is mian leis an Aontas a chur i bhfios an athuair go dteastaíonn i leith na sláinte gnéis agus atáirgthe rochtain uilíoch ar fhaisnéis, ar oideachas (lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéis) agus ar sheirbhísí cúraim sláinte a bheidh ar ardchaighdeáin, inacmhainne agus cuimsitheach.

4. Meabhraítear don Chomhairle na conclúidí uaithi an 19 Samhain 2018 maidir leis an dobharthaidhleoireacht agus athdhearbhaíonn sí rannpháirtíocht taidhleoireachta an Aontais i ndáil leis an uisce, go háirithe comhar trasteorann maidir le huisce, mar uirlis don tsíocháin, don tslándáil agus don chobhsaíocht, lena n-iarrtar iad a chur chun feidhme a thuilleadh agus na sineirgí idir an dobharthaidhleoireacht, an taidhleoireacht aeráide agus an taidhleoireacht fuinnimh a mhéadú, mar aon leis an mbithéagsúlacht agus leis an tslándáil bia agus cothaithe. Is díol sásaimh don Chomhairle gníomhaíochtaí na mBallstát chun tacú le comhar trasteorann maidir le huisce i gcomhthéacsanna réigiúnacha éagsúla trína gcuid gníomhaíochtaí bainistithe uisce agus dobharthaidhleoireachta.

5. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna uisce mar ghné lárnach chun coinbhleachtaí a chosc, a réiteach agus a chobhsú, lena n-áirítear trí fhothú acmhainneachta, go háirithe maidir le hidirghabháil. Chuige sin, cuireann an Chomhairle i dtábhacht gur gá na huirlisí riachtanacha uile um mhapáil riosca uisce, na córais luathrabhaidh, an saineolas riachtanach agus an laghdú agus an bainistiú riosca tubaiste atá bunaithe ar chur chuige atá íogair ó thaobh na coinbhleachta de, atá freagrúil ó thaobh na hinscne de agus atá bunaithe ar chearta an duine. Ós rud é go gcuirtear deis ar fáil leis an gcomhar maidir le saincheisteanna uisce, go háirithe i gcomhthéacs trasteorann, le haghaidh bearta atá fabhrach don tsíocháin, is den tábhacht é rioscaí agus táscairí a bhaineann le huisce a bheith san áireamh agus anailís coinbhleachta agus clársceidealú á ndéanamh i stáit leochaileacha agus i limistéir ina bhfuil coinbhleacht, mar aon le misin CBSC a cheapadh agus a shlógadh chuig láithreacha coinbhleachta.

6. Is ábhar imní don Chomhairle é nach bhfuil Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDG) 6 – ‘Rochtain agus bainistiú inbhuanaithe ar uisce agus ar an tsláintíocht á áirithiú do gach duine’ imithe ar an mbóthar ceart agus go bhfuil sé tearcmhaoinithe fós, de réir na tuarascála stádais is déanaí ó NA-Uisce. Dá bhrí sin, iarrann an Chomhairle go gcuirfí tuilleadh feabhais ar ghné an uisce i gcláir oibre ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais agus i gclár oibre na Náisiún Aontaithe i gcomhréir le Creat Domhanda Luasaithe SDG 6. De thoradh a ábhartha atá sé do na spriocanna forbartha inbhuanaithe, tá an t-uisce ríthábhachtach chun Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe a chur chun feidhme go rathúil, mar aon le comhaontuithe agus gealltanais idirnáisiúnta eile, amhail Comhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide, an Clár Oibre Uirbeach Nua, an Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht, Coinbhinsiún na Náisiún -Aontaithe chun an gaineamhlú a chomhrac agus Creat Sendai um Laghdú Rioscaí -Tubaiste. Admhaíonn an Chomhairle ardluach na n-uirlisí a forbraíodh faoin gCoinbhinsiún maidir le Cosaint agus Úsáid Sruthchúrsaí Trasteorann agus Lochanna Idirnáisiúnta (an Coinbhinsiún Uisce) lena n-áirítear an Prótacal maidir le hUisce agus Sláinte de chuid UNECE/EDS chun spriocanna náisiúnta a leagan síos chun SDGanna a bhaineann le huisce a chur chun feidhme agus an treoir phraiticiúil atá ann maidir leis an staid a mheas i ndáil le rochtain chothrom ar uisce agus ar shláintíocht.

7. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur gá an t-iltaobhachas agus an t-idirphlé maidir le huisce a neartú, agus na Náisiúin Aontaithe ag a gcroílár sin, lena n-áirítear trí thacú le cur chun feidhme Chreat Domhanda Luasaithe SDG 6 agus le toscaire nua de chuid na Náisiún Aontaithe le haghaidh an uisce a bhunú; ina theannta sin, cuireann sí chun suntais a thábhachtaí atá comhordú éifeachtach agus comhleanúnachas obair na Náisiún Aontaithe maidir le huisce, go háirithe trí NA-Uisce a neartú.

8. Is díol sásaimh don Chomhairle Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an Uisce 2023 mar dheis chun na geallsealbhóirí agus na hearnálacha uile a shlógadh agus chun dlús polaitiúil maidir leis an uisce a spreagadh a thuilleadh le haon ghuth amháin agus seasamh réamhghníomhach ón Aontas. Iarrann an Chomhairle go mbeadh torthaí nithiúla ar an gcomhdháil chun dlús a chur le spriocanna a bhaineann le huisce a bhaint amach agus SDG 6 a chur ar ais ar an mbóthar ceart. Is díol sásaimh don Chomhairle na torthaí a bhí ar chruinniú ardleibhéil a bhí ag Uachtarán Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe 2021 i Nua-Eabhrac agus tacaíonn sí leis na príomhtheachtaireachtaí agus leis na príomh-mholtaí ó na hIdirphléití Uisce le haghaidh Torthaí a tionóladh in Bonn in 2021 agus tá sí ag súil leis na comhdhálacha a bheidh ann amach anseo maidir leis an uisce a chuirfidh leis an ullmhúchán do Chomhdháil Uisce 2023, ag meabhrú di rannchuidiú na mBallstát leis an bpróiseas trí roinnt de na comhdhálacha sin a óstáil. Tá géarghá ar fud an domhain le níos mó cuimsitheachta, gníomhaíochtaí nithiúla agus gealltanais laistigh de chineálacha cur chuige trasearnála chun spriocanna a bhaineann le huisce a bhaint amach. Measann an Chomhairle gur cheart don Aontas agus dá Bhallstáit comhchuspóirí agus comhsheasaimh a fhorbairt i bhfianaise Chomhdháil Uisce 2023.

9. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé don Aontas agus dá Bhallstáit aird bhreise a thabhairt ar uisce san idirphlé polaitiúil, ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus iltaobhach, i bpróisis idir-rialtasacha agus i bhfóraim idirnáisiúnta, lena n-áirítear iad siúd maidir leis an athrú aeráide, leis an mbithéagsúlacht, leis an gcomhshaol, le córais bhia, leis an bhfuinneamh, leis an tsláinte, le forbairt dhaonna agus leis na haigéin. Chuige sin, cuireann an Chomhairle chun suntais a thábhachtaí atá idirphlé rialta leis na geallsealbhóirí ábhartha uile, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta, agus béim ar leith á leagan ar ghrúpaí imeallaithe agus leochaileacha a chuimsiú agus ar chineálacha cur chuige a stiúrtar go háitiúil, agus ar chosantóirí chearta an duine a chosaint, lena n-áirítear cosantóirí chearta comhshaoil an duine.

10. Iarrann an Chomhairle ar gach ball d’Fhoireann na hEorpa aghaidh a thabhairt ar bhearnaí in earnáil an uisce, lena n-áirítear maoiniú, rialachas agus acmhainneacht; agus caighdeáin, saineolas, taithí agus acmhainní an Aontais Eorpaigh a chomhroinnt eatarthu féin. I ndáil leis an méid sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gá dlús a chur leis an taighde agus leis an nuálaíocht, le comhroinnt sonraí agus eolais, agus tacú leis an aistriú chuig réitigh dhigiteacha uisce, lena n-áirítear trí pháirt a ghlacadh san fhothú acmhainneachta.

11. Is díol sásaimh don Chomhairle, ag meabhrú di gur gá bearna an mhaoinithe uisce a dhúnadh, na hiarrachtaí chun maoiniú nuálach agus cuimsitheach ó fhoinsí poiblí agus príobháideacha, chomh maith le foinsí idirnáisiúnta agus intíre. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé a áirithiú go ndéanfar saincheisteanna maidir le huisce agus le sláintíocht a phríomhshruthú sa phlé maidir le maoiniú don fhorbairt agus i gcur chun feidhme Chlár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa. Tacaíonn an Chomhairle le forbairt mhaoiniú inbhuanaithe an Aontais agus cuireann sí i bhfios go láidir gur gá infheistíochtaí cothroma i mbainistiú uisce, rochtain ar uisce agus i sláintíocht agus sláinteachas, i gceantair thuaithe agus uirbeacha araon, lena n-áirítear mar chuid de chórais sláinte agus oideachais, agus i gcomhthéacsanna daonnúla freisin, cáilíocht uisce a fheabhsú agus athléimneacht aeráide a neartú, comhar uisce trasteorann a threisiú agus comhionannas inscne, cearta an duine agus caighdeáin inbhuanaitheachta a urramú. Admhaíonn an Chomhairle an tionchar a bhíonn ag seirbhísí neamhleora sláintíochta agus ag cóireáil neamhleor fuíolluisce ar cháilíocht an uisce, ar an mbithéagsúlacht, ar shláinte an duine agus ar dhínit an duine. Iarrann an Chomhairle go gcuirfí chun cinn úsáid éifeachtúil agus inbhuanaithe uisce mar thosaíocht i ngach earnáil, nuair is féidir.

12. Cuireann an Chomhairle i dtábhacht a thábhachtaí atá rialachas uisce agus an ról atá ag bainistiú comhtháite acmhainní uisce mar phríomhphróiseas lena gcuirtear chun cinn forbairt chomhordaithe agus bainistiú inbhuanaithe an uisce, an talún agus na n-acmhainní gaolmhara chun leas eacnamaíoch agus sóisialta a uasmhéadú ar bhealach cothrom gan inbhuanaitheacht na n-éiceachóras ríthábhachtach a chur i mbaol. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá an nasc idir an t-uisce, an bia, an fuinneamh agus na héiceachórais chun aghaidh a thabhairt ar shineirgí agus ar chomhbhabhtáil uisce ar fud ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais.

13. Cuireann an Chomhairle chun suntais a thábhachtaí atá bainistiú comhtháite acmhainní uisce maidir le hathléimneacht na sochaithe a neartú sna cúlraí socheacnamaíocha agus éiceachórais uile, chun dul i ngleic le guaiseacha nádúrtha agus chun na rioscaí go léir a bhíonn ann mar gheall ar thubaistí a bhaineann le huisce agus ar theagmhais fhoircneacha chomh maith le himeachtaí a thagann chun cinn go mall amhail ardú ar leibhéal na mara. Thairis sin, ba cheart córais agus bonneagair um bainistiú comhtháite acmhainní uisce, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le WASH, a bheith níos athléimní agus níos aeráidneodraí. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá gníomhaíochtaí uisce a chomhtháthú níos fearr i ngníomhaíocht sheachtrach agus maoiniú an Aontais i réimse an mhaolaithe ar an athrú aeráide agus an oiriúnaithe don athrú sin, agus trí Chreat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaiste agus tríd an ullmhacht. Iarrann an Chomhairle go ndéanfaí gníomhaíochtaí uisce a chuimsiú agus a ailíniú ar bhealach níos fearr, WASH san áireamh, le straitéisí agus pleananna náisiúnta maidir leis an aeráid faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide agus go mbeadh béim níos láidre ar chomhar trasteorann agus réigiúnach maidir le saincheisteanna uisce agus aeráide.

14. Cuireann an Chomhairle i dtábhacht an ról ríthábhachtach a bhaineann le héiceachórais uisceacha a chaomhnú agus a athbhunú, go háirithe bogaigh, chun forbairt dhaonna a chothú, bithéagsúlacht a chosaint, truailliú uisce a laghdú, agus chun feabhas a chur ar an ngníomhú ar son na haeráide i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus le Comhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a ábhartha atá réitigh dhúlra-bhunaithe, bainistiú comhtháite acmhainní uisce, cineálacha cur chuige ó fhoinse go muir agus trasearnála, bainistiú comhtháite an chreasa cósta, prionsabail an gheilleagair chiorclaigh, agus straitéisí maidir le hatógáil ar bhealach níos glaise. Aithníonn an Chomhairle freisin go dtugann an Chomhairle um Chearta an Duine de chuid na Náisiún Aontaithe an 23 -Márta 2021 dá haire, nuair a glacadh an rún maidir le cearta an duine agus leis an gcomhshaol, na moltaí gur cheart do gach stát cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine a chur chun feidhme maidir le rialachas uisce agus go bhfuil an chothromaíocht a aimsiú idir riachtanais uisce an duine agus sláinte na n-éiceachóras uisceach, agus comhlíonadh chearta an duine á áirithiú ag an am céanna, ar cheann de phríomhdhúshláin an aonú haois is fiche.,.

15. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur bunriachtanach iad cineálacha cur chuige atá cuimsitheach agus claochlaitheach ó thaobh an mhíchumais lena dtugtar aghaidh ar bhunchúiseanna an neamhionannais inscne chun a áirithiú go mbainfidh gach duine tairbhe as rochtain a bheith acu ar sheirbhísí inacmhainne WASH agus go gcumhachtófar iad tríd sin. Iarrann an Chomhairle freisin go bhfeabhsófaí an anailís agus an tuiscint ar thionchair inscne-dhifreáilte na n-idirghabhálacha uisce, chun eolas a chur ar fáil do bheartais agus gníomhaíochtaí atá freagrúil ó thaobh inscne de.

16. Maidir leis an nasc idir an chabhair dhaonnúil agus an fhorbairt agus an tsíocháin, athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gá comhlántacht bhreise a bheith ann idir gníomhaíochtaí daonnúla, forbartha agus síochána chun tacú le sábháilteacht agus slándáil acmhainní uisce, pearsanra uisce – go háirithe oibrithe sláintíochta - agus bonneagar uisce trí mholadh go gcloífí leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta, leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus le cearta idirnáisiúnta saothair. Iarrann an Chomhairle go bhfeabhsófaí an chosaint a thugtar d’oibrithe daonnúla a chuireann cúnamh tarrthála agus bonneagair chriticiúla ar fáil i gcoinne aon chineál teagmhais dhíobhálacha, bídís nádúrtha, de thaisme nó d’aon ghnó. Iarrann an Chomhairle go neartófaí próisis agus anailís il-gheallsealbhóra lena mbaineann chun fianaise, beartas agus cur chun feidhme idirghabhálacha a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin go gcumasófaí gníomhaithe daonnúla, forbartha agus síochána comhoibriú ar bhealach níos fearr ar feadh an naisc chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais phráinneacha agus idirghabháil a dhéanamh níos luaithe agus chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na ngéarchéimeanna uisce agus sláintíochta agus a dteacht chun cinn a chosc.

17. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá gníomhaíochtaí réigiúnacha lánpháirtíochta, iarrann sí go gcuirfí comhar trasteorann agus réigiúnach uisce chun cinn, lena n-áirítear i ndáil le huiscígh, mar phríomhspreagadh don fhorbairt inbhuanaithe, don aistriú glas agus don tsíocháin, agus iarrann sí go gcuirfí brú comhordaithe athnuaite ar a thábhachtaí atá sé go n-aontófaí coinbhinsiúin uisce, comhaontuithe trasteorann agus creataí institiúideacha de chuid na Náisiún Aontaithe agus go gcloífí leo.